

Héileacaptar an Gharda Cóta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi héileacaptar nua an Gharda Cóta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

Céard atá ar eolas agat faoin nGarda Cóta?

An raibh tú riamh ar héileacaptar?

Ceist 2 Anois, gan féachaint go fóill, déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Helicopter _____ Bunáit
View _____ Gliondar
Joy _____ Trealamh
Search _____ Píolótaí
Base _____ Othair
Sophisticated _____ Radharc
Equipment _____ Foireann
Team _____ Cuardaigh
Pilots _____ Sofaisticiúil
Patients _____ Héileacaptar

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus abair an bhfuil na frásaí thíos fíor nó bréagach.

1. Tá Aerfort na Sionainne i gContae Luimnigh *Fíor/Bréagach*
2. Bunaíodh an Garda Cóta sa bhliain 1924 *Fíor/Bréagach*
3. Is féidir leis an héileacaptar nua dul 300 míle amach ón gcóta
Fíor/Bréagach
4. Tá an héileacaptar ábalta fanacht amuigh ar feadh dhá uair a chloig
Fíor/Bréagach
5. Táthar ag súil le ceithre cinn eile de na héileacaptair seo
Fíor/Bréagach

Ceist 4 ‘...tá sé i bhfad **níos fearr**’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?

Anois déan iarracht na lúibíní a bhaint agus an leagan ceart a scríobh.

1. Níos (fada)
2. Níos (beag)
3. Níos (mór)
4. Níos (te)
5. Níos (deas)
6. Níos (dona)
7. Níos (suimiúil)
8. Níos (ard)

Ceist 5

Déan iarracht anois na bearnaí thíos a líonadh leis na focail chearta.

Cuirfead tús i _____ cúpla seachtain le traenáil na foirne agus na bpíolótaí don héileacaptar úr seo. Ar an chéad lá de mhí __ a thosóidh an obair i _____. Is é sin tús amach ón tSionainn le seirbhís chuardaigh agus tarrthála don héileacaptar úr seo agus _____ maith leis sin táthar ag súil le ceithre cinn eile de na _____ seo a fháil don Gharda Cóstas seo go dtí an _____ seo chugainn.

héileacaptair, chomh, lúil, bhliain, gceann, ndáiríre

Ceist 6

Déan iarracht abairt a chumadh chun brí na bhfocal thíos a léiriú:

1. úr
2. in ann
3. ar iarraidh
4. amuigh
5. amach
6. fanacht
7. i ndáiríre

Treoracha

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí beaga nó leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Helicopter _____ Héileacaptar
View _____ Radharc
Joy _____ Gliondar
Search _____ Cuardaigh
Base _____ Bunáit
Sophisticated _____ Sofaisticiúil
Equipment _____ Trealamh
Team _____ Foireann
Pilots _____ Píolótaí
Patients _____ Othair

Ceist 3

1. Tá Aerfort na Sionainne i gContae Luimnigh *Fíor/Bréagach*
2. Bunaíodh an Garda Cóstá sa bhliain 1924 *Fíor/Bréagach*
3. Is féidir leis an héileacaptar nua dul 300 míle amach ón gcósta
Fíor/Bréagach
4. Tá an héileacaptar ábalta fanacht amuigh ar feadh dhá uair a chloig
Fíor/Bréagach
5. Táthar ag súil le ceithre cinn eile de na héileacaptair seo
Fíor/Bréagach

Ceist 4 Breischéim na haidiachta atá i gceist

1. Níos faide
2. Níos lú
3. Níos mó
4. Níos teo
5. Níos deise
6. Níos measa
7. Níos suimiúla
8. Níos airde

Ceist 5 Cuirfear tús i **gceann** cúpla seachtaine le traenáil na foirne agus na bpíolótaí don héileacaptar úr seo. Ar an chéad lá de mhí **lúil** a thosóidh an obair i **ndáiríre**. Is é sin tús amach ón tSionainn le seirbhís cuardaigh agus tarrthála don héileacaptar úr seo agus **chomh** maith leis sin táthar ag súil le ceithre cinn eile de na **héileacaptair** seo a fháil don Gharda Cóstas seo go dtí an **bhliain** seo chugainn.

Ceist 6 Ba cheart do na daltaí abairt a chumadh chun an bhrí a léiriú go soiléir.

1. Cheannaigh mé cóta **úr** sa siopa inné.
2. Níl mé **in ann** íoc as gan airgead.
3. Tá mo chat **ar iarraidh** le seachtain.
4. Tá sé fuar taobh **amuigh**.
5. Níl mé ag dul **amach** anocht.
6. Tá mo chara ag **fanacht** sa bhaile.
7. Bhí an Garda i **ndáiríre**, ní raibh sé ag magadh!

Éimear Ní Chonaola

Ag Aerfort na Sionainne i gContae an Chláir inniu cuireadh ar taispeáint don chéad uair héileacaptar nua cuardaigh Gharda Cósta na hÉireann. Tá an Sikorsky nó S92 le teacht¹ in áit an tsean-héileacaptair, an S61, atá ag feidhmiú amach as an tSionainn le bliain agus fiche. Beidh an héileacaptar nua in ann dul trí chéad míle amach ón gcósta i gcomparáid le céad míle a bhí an sean-héileacaptar in ann a dhéanamh.

Ailbhe Ó Monacháin

Seo radharc a chuir gliondar croí ar bhádóirí a bhí i dtrioblóidí i bhfarraigí na hÉireann ó bunaíodh an Garda Cósta anseo i 1923. Héileacaptar tarrthála agus cuardaigh é an Sikorsky S61 ag teacht ar ais chuig a bhunáit in Aerfort na Sionainne i ndiaidh a bheith ag cuardach² an dá iascaire atá ar iarraidh go fóill i gCuan Dor i gCorcaigh. Inniu cuireadh an héileacaptar úr nua an Sikorsky S92 ar taispeáint anseo sa tSionainn, aerárthach níos cumhachtaí agus níos sofaisticiúla a thiocfaidh³ i gcomharbacht ar an tsean cheann a bhí caoga bliain d'aois agus a bhí ag feidhmiú as an tSionainn le bliain agus fiche.

Tiocfaidh an-fheabhas⁴ ar an tseirbhís⁵ mar tá na héileacaptair seo níos tapaidh. Beidh siad ábalta dul trí chéad míle amach ón gcósta ar an bhfarraige - beidh siad ábalta fanacht amuigh⁶ ar feadh leath uair a chloig, roimhe seo ní raibh an sean héileacaptar ábalta é sin a dhéanamh.

Tá an héileacaptar féin níos cumhachtaí⁷ mar uirlis shábháilteachta anois agus cuardaigh⁸, tá sé i bhfad níos fearr agus tá trealamh nua ann freisin, agus tá leibhéal níos airde chun plé leis na hothair freisin. Mar sin tá sé i bhfad níos fearr.

Cuirfear tús i gceann cúpla seachtaine le traenáil na foirne agus na bpíolótaí don úr héileacaptar seo. Ar an chéad lá de mhí Lúil a thosóidh an obair i ndáiríre. Is é sin tús amach ón tSionainn le seirbhís chuardaigh agus tarrthála don héileacaptar úr seo agus chomh maith leis sin táthar ag súil le ceithre cinn eile de na héileacaptair seo a fháil don Gharda Cósta as seo go dtí an bhliain seo chugainn.

Ailbhe Ó Monacháin

Ag Bunáit, gar do Chósta na hÉireann, sa tSionainn

¹ “le theacht” a deirtear

² “ag cuartú” a deirtear

³ “a thiocfas” a deirtear

⁴ fághtar an séimhiú ar lár

⁵ “an seirbhís” a deirtear

⁶ “amach” a deirtear

⁷ “Cumhachtmhar” a deirtear sa mhír

⁸ Ní úsáidtear foirm an ghinidigh uatha sa mhír